Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Aibreán 2023**
**(OR. en)**

**8559/23**

**FIN 456**
**INST 129**
**PE-L 16**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coiste um an mBuiséad |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 8219/23 |
| Ábhar: | Aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 07/2023 laistigh de Roinn III – an Coimisiún – den bhuiséad ginearálta do 2023<br>– *Formheas*<br>– *Formheas litreach* |

1. An 13 Aibreán 2023, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle an togra i leith aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 07/2023[1], i gcomhréir le hAirteagal 31(1) den Rialachán Airgeadais[2].

2. Is é cuspóir an aistrithe sin suim iomlán EUR 108 milliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a aistriú ó Airteagal 01 03 01 *(Taighde agus forbairt ar chomhleá)* agus Míreanna 01 02 99 01 *(Cláir thaighde roimhe seo (roimh 2021)* a thabhairt i gcrích agus 01 03 99 01 *(Cláir thaighde Euratom roimhe seo (roimh 2021) a thabhairt i gcrích)* go hAirteagal 13 04 01 (Soghluaisteacht mhíleata), mar a thaifeadtar in 8219/23 é.

[1] 8219/23.
[2] Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, agus (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

3. Is é is aidhm don aistriú an tsraith ‘Soghluaisteacht Mhíleata’ den tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE) a threisiú le EUR 108 milliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí. Ó thosaigh cogadh foghach na Rúise san Úcráin, tá dlús á chur ag an gCoimisiún le cur chun feidhme na Soghluaisteachta Míleata SCE, rud a fhágann go bhfuil riachtanais mhéadaithe réamh-mhaoiniúcháin in 2023.

4. Scrúdaigh an Coiste um an mBuiséad an togra le haghaidh aistriú ag an gcruinniú a bhí aige an 18 Aibreán 2023.

5. Tar éis an scrúdaithe sin, chomhaontaigh an Coiste um an mBuiséad, trí thromlach cáilithe, a mholadh go molfadh Coiste na mBuanionadaithe don Chomhairle an méid seo a leanas a fhormheas:

- an togra i leith aistriú leithreasuithe atá beartaithe, mar a leagtar amach in 8219/23 é; agus

- an dréachtlitir atá san IARSCRÍBHINN chuige sin.

**IARSCRÍBHINN**

DRÉACHTLITIR

ó: Uachtarán na Comhairle

chuig:Uachtarán Pharlaimint na hEorpa

cóip: Uachtarán an Choimisiúin

A Uachtaráin Uasail,

I gcomhréir le hAirteagal 31(6) den Rialachán Airgeadais an 18 Iúil 2018[1], cuirim in iúl duit gur cheadaigh an Chomhairle aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 07/2023 laistigh de Roinn III – an Coimisiún – den bhuiséad ginearálta do 2023.

(Clabhsúr dea-mhéine)

---

[1] Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, agus (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).